

AN CUR CHUIGE MAIDIR LE TREOIR DEARHTHA SRTS


Is é aidhm na Treorach Deartha le haghaidh Slite Sábháilte chun na Scoile (SRTS) ná treoir theicniúil a chur ar fáil maidir le prionsabail deartha agus breithnithe a chuirfidh ar chumas údaráis áitiúla agus Scoileanna Glasa bealaí chun na scoile agus timpeallachtaí os comhair na scoile atá níos sábháilte, níos ciúine agus níos tarraingtí a chruthú. Ag féachaint ar na príomhsmainte ón doiciméad treorach, mínítear sa bhróisiúr seo:

- Na coincheapa deartha a thacaíonn le taisteal gníomhach
- Gnéithe deartha bonneagair
- Sampla amhairc de choincheap deartha SRTS do Scoil Chiaráin, Baile Átha Cliath

Micrea-ealaín



Dromchla maolaithe ard-fhrithchuimilte fuar-leata



Páirceáil rothar



Trasrian coisithe ardaithe



Soithí plandaí



Raon rothar leithscartha



Mullaird phionsail



SAMPLA: Scoil Chiaráin, Ascaill Uí Choileáin Thoir, Baile Átha Cliath 5

COINCHEAPA DEARHTHA AN TAISTIL GHNÍOMHAIGH

Mar chuid de choincheap deartha na Comhfhobartha Áite, cuireann gnéithe micrea-ealaíne gnéithe spráíúla agus idirghníomhacha ar fáil, rud a thugann braistint muintearais do leanaí laistigh dá dtimpeallacht os comhair na scoile. Is féidir plandáil a úsáid mar chuid de Chórais Draenála Uirbí Inbhuanaithe (SUDS).

Tá sé d'aidhm ag na mullaird phionsail páirceáil agus fágáil san áit sin a dhíspreagadh. De ghnáth, tógar iad sin mar chuid den cholbha nó is féidir leo lánáí rothar a chosaint. Tá dearadh an phionsail idirghníomhach do leanaí, ach tá sé mar aidhm ag an dearadh sin freisin a chur in iúl do thiománaíthe go bhfuil siad i gCrios Scoile. Luaitear i lámhleabhar na Treorach Deartha go moltar mullaird a úsáid chun lánáí rothar a chosaint ar charrbhealaí bóthair atá níos leithne ná gm.




Tá an Roinn Iompair ag cur dlús le modhanna iompair inbhuanaithe a sholáthar. San áireamh ina gcuspóir tá tiomantas do thimpeallachtaí rothaioctha oiriúnacha agus sábháilte a leithdháileadh. Trí lánáí rothar leithscartha a sholáthar, is dóichí go rothóidh leanaí agus daoine aonair, lena n-áirítear iad siúd a sheachnaíonn rioscaí, ar na príomhbhóithre mar mhodh taistil. Moltar sa Treoir Deartha go bhfuil gá le háiseanna leithscartha ar bhóithre le luasanna áirithe agus a bhfuil méideanna áirithe tráchtá orthu.

Deartar athruithe datha nó uigeachta ar dhromchlaí chun luas an tráchtá a laghdú. Tá sé mar aidhm ag na dromchlaí daite sin thar acoimhal, trasriant coisithe, lánáí rothaioctha nó ag ionaid uirbeacha ina mbíonn líon mór coisithe, inléiteacht a fheabhsú agus aird a tharraingt ar shiúlóirí agus rothaithe.

Is minic a bhíonn **trasrianta coisithe** ardaithe agus bíonn sé d'aidhm acu aird a tharraingt ar shiúlóirí agus luas an tráchtá ag an gcrosaire a laghdú.

Soláthraíonn **seastáin rothair** bealach oiriúnach agus sábháilte chun rothar a dhaingniú. De ghnáth bíonn na seastáin sin déanta as cruach dhosmálta agus déantar iad a bholtáil nó a adhlacadh i ndromchlaí coincreíte. Is féidir le dearthóirí breithniú ar cheithre dhath an Chreasa Scoile le haghaidh seastáin a bhfuil téama daite orthu.

Déanann **boscaí plandaí** níos mó ná díreach ár spásanna poiblí a fheabhsú, cabhraíonn siad freisin le luasanna tráchtá a laghdú. Úsáidtear gnéithe ingearacha, amhail crainn agus plandaí chun leithead braite an bhóthair a chúngú agus chun luas an tráchtá atá ag teacht a laghdú. Dispreagann a bhfoirm tógtha fhisiceach ar thaobh an chorna páirceáil agus stopadh carranna sa limistéar sin.



GNÉITHE DEARHTHA

Trasrianta Coisithe

Oibríonn dearthóirí de réir éilimh

coisithe, sábháilteacht agus an tsreafa tráchtá. Is féidir le trasrianta a bheith ina gcrosairí séabra/comharthaíochta agus ina gcúirtéis neamhrialaithe.

Comhfhorbairt Áite

Cuireann plandaí agus troscán sráide le timpeallacht uirbeach agus tugann siad carachtar do limistéir poiblí.

Lánáí Rothar Cosanta

Ba cheart tús áite a thabhairt do lánáí rothar cosanta a chur i bhfeidhm. Trí leithead láná na bhfeithiclí a laghdú, is féidir spás bóthair a ath-leithdháileadh do thaisteal gníomhach.

Lánáí níos caoile

Léiríonn taighde gur féidir luas a laghdú trí leithead lánáí a chaolú.

Is féidir an spás nua sin a ath-leithdháileadh do thaisteal gníomhach trí bhithin cosán agus lánáí rothaioctha.

Pobail Thréscailteacha

Is é an smaoineamh ná naisc siúil agus rothaioctha laistigh de limistéar a uasmhéadú agus srianta ar ghluaiseacht feithiclí príobháideacha a mheas.

Acoimhal

Ba cheart tús áite a thabhairt do shiúlóirí agus do rothaithe ag acoimhal trí; trasrianta a fheabhsú ionas nach mbeadh siad chomh céimnithe sin agus go mbeadh amanna fanachta níos giorra i gceist; cora a ghéarú (bíonn ar an tiománaí moilliú chun dul timpeall cúinne níos géire) agus sliosbhóthair a chasann ar chlé a fhágáil ar lár (mar is féidir leo sin fócas tiománaíthe a athrú ón méid atá os a gcomhair)

SRTS

SLITE SÁBHÁILTE CHUN NA SCOILE

Seoladh an Clár SRTS i mí an Mhárta 2021 agus bhí deis ag gach scoil in Éirinn iarratas a chur isteach ar uasghráduithe os comhair na scoile chun rochtain níos sábháilte a thabhairt do shiúlóirí, leanaí ar rothair agus gach duine a thagann chun na scoile. Is tionscnamh de chuid na Roinne Iompair é an clár agus tacaíonn an Roinn Oideachais leis. Oibríonn Clár na Scoileanna Glasa an clár seo i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus údaráis áitiúla. Oibríonn Oifigeach Bonneagair tiomnaithe SRTS le scoileanna agus le húdaráis áitiúla le linn an phróisis.

S: @SRTS_Ire

W: www.greenschoolsireland.org/saferoutestoschool/

E: srts@eeu.antisce.org

T: +353 1 400 2222

A: EEU An Taisce Unit 5a

Swift's Alley, Francis Street

Dublin, D08TN88

Ireland



Léaráid Ealaíontóra